



An Bhruiséil, 6 Iúil 2022
(OR. en)

11101/22

RECH 434
COMPET 586
IND 282

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Iúil 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 332 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 332 final.

Faoi iamh: COM(2022) 332 final



Strasbourg, 5.7.2022
COM(2022) 332 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht

{SWD(2022) 187 final}

1. AN RABHARTA NUA NUÁLAÍOCHTA DOMHAINEICNEOLAÍOCHTA A THREORÚ

Tá an nuálaíocht fíor-riachtanach chun borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus chun sláinte agus folláine a saoránach a áirithiú. Bíonn tionchar ag an nuálaíocht ar mhargaí, déanann sí geilleagair a chlaohlú, spreagann sí athruithe céime ar cháilíocht na seirbhísí poiblí agus tá sí fíor-riachtanach chun cuspóirí uileghabhálacha an aistrithe ghlais agus an aistrithe d'igitigh araon a bhaint amach.

Tá rabharta nua nuálaíochta ag teacht: nuálaíocht domhainteicneolaíochta atá fréamhaithe in eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht cheannródaíoch, lena gcomhcheanglaítear go minic dul chun cinn sna réimsí fisiciúla, bitheolaíochta agus digiteacha, réimsí ina bhféadfadh beartais chlaohlaitheacha a sholáthar in aghaidh dúshláin dhomhanda. Tá sé d'acmhainneacht ag na nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta atá ag teacht chun cinn as cohórt méadaitheach gnólachtaí nuathionscanta nuálacha san Aontas borradh a chur faoin nuálaíocht ar fud an gheilleagair agus na sochaí. Leis an méid sin, is féidir tírdhreach gnó agus margaí gaolmhara a chlaohlú agus cuidiú le dul i ngleic leis na dúshláin shochoíochta is práinní, lena n-áirítear trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Tá stair fhada bhródúil ag an Eoraip sa nuálaíocht agus is maith mar atá sé in ann an rabharta nuálaíochta domhainteicneolaíochta seo a threorú ar cheithre bhunchúis.

Ar an gcéad dul síos, ceannaireacht an Aontais san eolaíocht. Tá an tAontas ina lárionad cumhachta maidir le táirgeadh eolais, agus baineann an nuálaíocht domhainteicneolaíochta leas as léargais nua eolaíochta agus teicneolaíochta atá bunaithe ar na caighdeáin eitice agus ionracais is airde. Agus 6 % de dhaonra an domhain aige, tá an tAontas freagrach as an gcúigiú cuid de na foilseacháin ardcháilíochta¹ ar domhan². Thairis sin, is ceannairí domhanda iad cuideachtaí an Aontais maidir le paitinní glasa ardluacha agus paitinní glasa i dtionscail dianfhuinnimh.

Ar an dul síos, bonn tionsclaíoch láidir na hEorpa agus éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta atá ag éirí níos fuinniúla. Bíonn táirgí fisiceacha seachas seirbhísí bogearraí amháin mar thoradh ar an nuálaíocht domhainteicneolaíochta³ agus dá bhrí sin, is minic a thairbhíonn sí de chomhpháirtíochtaí láidre le tionscail tosaigh. Leis na comhpháirtíochtaí a chothaítear idir cuideachtaí agus le taighdeoirí trí chláir de chuid an Aontais in éineacht le beartais amhail an Straitéis Nua Tionsclaíochta⁴ agus tionscnaimh ghaolmhara amhail an Gníomh Eorpach um Shliseanna⁵, cumasaítear forbairt moltaí agus slabhraí luacha láidre de chuid an Aontais in earnálacha cumasaithe domhainteicneolaíochta.

Ar an tríú dul síos, na coinníollacha creata uailmhianacha atá fabhrach don nuálaíocht tá siad le fáil sa mhargadh aonair. Díríonn nuálaíocht domhainteicneolaíochta ar réitigh ar phríomhdhúshláin shochoíochta. Mar a léirítear le seasamh an Aontais maidir le fuinneamh

¹ Sainithe mar an 10 % is fearr de na foilseacháin is mó a luaitear

² An tuarascáil maidir le Feidhmíocht Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh (SRIP) 2022.

³ Tá 83 % de na fiontair domhainteicneolaíochta i mbun táirge fisiciúil a thógáil (Foinse: Boston Consulting Group).

⁴ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-industrial-strategy_ga

⁵ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/european-chips-act>

gaoithe⁶ mar shampla, le roghanna misniúla beartais, amhail maidir leis an athrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil, in éineacht le dlúthchomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus láidreachtaí an mhargaidh aonair, cruthaíodh na dálaí ina mbeidh rath ar chuideachtaí Eorpacha in earnálacha cumasaithe domhainteicneolaíochta a bheidh ann amach anseo.

Ar deireadh, linn tallann na hEorpa. Tá rochtain ar sholáthar láidir Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) agus scileanna fiontraíochta, agus na cumais ghaolmhara a chloíonn leis na luachanna agus prionsabail taighde agus forbartha is airde de dhíth ar ghnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta. Tá roinnt de na hinstiúidí ardoideachais agus na heagraíochtaí taighde is fearr ar domhan ag an Eoraip agus tá an tacaíocht a thugann siad do chlár oibre an Aontais maidir le hoideachas, taighde agus nuálaíocht á neartú i gcónaí trí thionscnaimh amhail an straitéis nua Eorpach um ollscoileanna⁷. Ó tharla 17.5 milliún duine in oideachas treasach, os cionn milliún taighdeoir agus gníomhaíocht mhéadaithe i ndáil le ceadúnú, paitinní agus cruthú gnólachtaí nuathionscanta i dtíortha go leor, tá ról ríthábhachtach ag na hinstiúidí sin cheana féin maidir leis an sreabhadh daoine oilte agus smaointe don nuálaíocht domhainteicneolaíochta a áirithiú.

Chun an úsáid is fearr a bhaint as na láidreachtaí sin, cuirfidh an tAontas bearta nithiúla nua chun cinn. Leis na bearta sin, beidh nuálaithe, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta in ann leas níos fearr a bhaint as an margadh aonair agus infheisteoirí institiúideacha nua a tharraingt chun margaí airgeadais agus caipitil a neartú chun cuideachtaí domhainteicneolaíochta san Aontas a thráchtáil agus a mhéadú. Cuideoidh na bearta nua le daoine aonair a bheith níos oilte agus scileanna ábhartha a thabhairt dóibh, chun gur féidir lenár ndaonra ilghnéitheach, go háirithe mná, barr a gcumais a bhaint amach agus chun daoine cumasacha a mhealladh chun teacht chun oibre san Aontas. Cuideoidh na tograí maidir le creataí rialála leis an Aontas coinneáil bord ar bord le forbairt mhear teicneolaíochta ionas gur féidir nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta a thástáil agus a thráchtáil ina dhiaidh sin san Aontas.

Neartófar freisin glacadh na nuálaíochta domhainteicneolaíochta agus cumas na réigiún ar fud an Aontais chun rannchuidiú leis na nuálaíochtaí agus tairbhiú díbh trí ghníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt leanúnach nuálaíochta ar fud na mBallstát agus na réigiún. Leis sin cuirfear leis an gcomhar inmheánach agus beidh sochair eacnamaíochta agus sóisialta níos leithne mar thoradh air. I láthair na huaire, is féidir leis na réigiúin is airde feidhmíocht a bheith cothrom le naoi n-uaire níos nuálaí ná na réigiúin is ísle feidhmíocht⁸ agus is sna réigiúin is óstaigh do cheanncheathrúna cuideachtaí móra agus ag a bhfuil sciar ard de chuideachtaí monaraíochta a dhírítear an t-ascúr teicneolaíochta, faoi mar a thomhaistear é le paitinní⁹.

De dheasca na dtreochtaí domhanda le déanaí, tá gá le beart pras a dhéanamh agus cuirtear i dtábhacht leo an gá atá le spleáchais straitéiseacha i bpríomhtheicneolaíochtaí agus in amhábhair

⁶ Tá ceanncheathrú leathchuid de na cuideachtaí gníomhacha lonnaithe san Aontas, agus tá seasamh ceannasach ag Déantúsóirí Buntrealamh (OEManna) Eorpacha ar fud an domhain COM(2021) 952 final, Deireadh Fómhair 2021

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis Eorpach um ollscoileanna

⁸ An Coimisiún Eorpach, (2022), An tOchtú Tuarascáil maidir le Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach bunaithe ar Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnaí 2021.

⁹ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an gClár Oibre Eorpach nua um Nuálaíocht, roinn 2.3.1 Deighilt Nuálaíochta.

chriticiúla a mhaolú. I gcomhréir le huailmhianta Phlean REPowerEU le déanaí ¹⁰ a chuireann leis na tograí ‘Oiriúnach do 55’, ní mór don Aontas éirí as a spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh 2030 trí bhorradh a chur faoi ghnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear trí ghlacadh le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus trí dhlús a chur le forbairt agus le himscaradh teicneolaíochtaí fuinnimh, go háirithe ó fhoinsí in-athnuaite lena n-áirítear hidrigin in-athnuaite.

Mar thoradh ar na breithnithe maidir le geilleagar atá níos ciorclaí, digitithe agus tíosach ar acmhainní, an phaindéim, nó ionsaí na Rúise ar an Úcráin, beidh ar chuideachtaí cumais nua a chruthú agus comhpháirtithe iontaofa a lorg chun athléimneacht an tslabhra soláthair a chothú, deiseanna trádála nua agus comhar a fhorbairt, ó tharla go bhfuil cineál na nuálaíochta ag éirí níos idirnáisiúnta. Thacaigh Fís Eorpach, Erasmus+ agus cláir agus beartais eile de chuid an Aontais go comhsheasmhach le comhar den sórt sin le comhpháirtithe iontaofa, lena n-áirítear trí chomhaontuithe Comhlachais. Leis an Teachtaireacht maidir leis an gcur chuige domhanda i leith taighde agus nuálaíochta¹¹, cuirtear creat feabhsaithe ar fáil chun an comhar sin a fhorbairt. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht le straitéis nua an Aontais maidir le nascacht dhomhanda, le Global Gateway¹², agus leis an Teachtaireacht maidir leis an athbhreithniú ar an mbeartas trádála¹³ an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a láidriú, rud a dhéanfaidh an caidreamh trádála a éagsúlú agus a bhainfidh an úsáid is fearr as oscailteacht agus tarraingteacht mhargadh aonair an Aontais.

Leis na bearta sa Teachtaireacht seo, bearta a ghrúpáiltear faoi chúig réimse shuaitheanta, is féidir leo oibriú i gcomhar le chéile chun an úsáid is fearr a bhaint as láidreachtaí Mhargadh Aonair an Aontais, bonn láidir tionsclaíoch agus tallann, institiúidí cobhsaí agus sochaithe daonlathacha chun nuálaíocht domhainteicneolaíochta a spreagadh san Eoraip, chun na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an dá aistriú agus chun comhpháirtíochtaí domhanda marthanacha a chothú, agus an gá atá le huathriail straitéiseach oscailte a bheith ann sa todhchaí a bhaint amach san am céanna. Cuireann na bearta le tionscnaimh a bhí ann roimhe agus le tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair, chun feidhmíocht nuálaíochta an Aontais a fheabhsú in éineacht le cuspóirí agus tosaíochtaí an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) nua¹⁴, an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO)¹⁵, na straitéise Eorpaí um ollscoileanna, an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach¹⁶, agus spriocanna na Deacáide Digití¹⁷ agus spriocanna gaolmhara 20 milliún speisialtóir TFC faoi 2030. Rinne an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa sprioc na Teachtaireachta seo a chur i láthair ina tuarascáil chríochnaitheach i mí na Bealtaine 2022, inar iarradh níos mó rannpháirtíochta ag gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna i dtionscadail nuálaíochta a áirithiú mar go gcuireann sé sin lena neart nuálach, a n-iomaíochas agus a líonrú¹⁸.

¹⁰ An Plean REPowerEU COM(2022) 230 final.

¹¹ https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/research_and_innovation/strategy_on_research_and_innovation/documents/ec_rtd_com2021-252.pdf

¹² JOIN(2021) 30 final

¹³ [An Teachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0628&from=EN)

¹⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0628&from=EN>

¹⁵ <https://education.ec.europa.eu/ga>

¹⁶ <https://education.ec.europa.eu/ga/focus-topics/digital-education/digital-education-action-plan>

¹⁷ [Deacáid Dhigiteach na hEorpa: spriocanna digiteacha do 2030 | An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/conference-future-europe_ga)

¹⁸ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/conference-future-europe_ga: bearta 5 agus 6 sa togra ‘Fás Inbhuanaithe agus Nuálaíocht’, bearta 7, 8 agus 19 sa togra ‘Iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus an

Ina theannta sin, tugtar forléargas sa Teachtaireacht ar fheidhmíocht nuálaíochta an Aontais, a ndearnadh mionscrúdú air sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

2. PEIRSPICTÍOCHTAÍ EORPACHA — DÚSHLÁIN AGUS TIONSCNAIMH SHUAITHEANTA

2.1. Rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí domhainteicneolaíochta atá ag méadú

2.1.1. Dúshlán

Tá an Eoraip ar cheann de na réigiúin is mó fás in infheistíocht chaipitil phríobháidigh ¹⁹. Idir 2016 agus 2020, bhí ráta fáis níos gasta aici ná mar a bhí ag an tSín agus na Stáit Aontaithe²⁰, cé gur tharla an fás sin ó bhonn níos ísle. Gnólachtaí nuathionscanta na hEorpa ab ea 33 % den chaipiteal uile a infheistíodh ar fud an domhain i mbabhtá suas le USD 5 mhilliún i gcomparáid le 35 % le haghaidh na Stát Aontaithe²¹.

Tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) a bhunú, beidh na gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta is mó a bhfuil gealladh fúthu in ann tacaíocht bhreise a fháil chun a nuálaíochtaí ceannródaíoch a mhéadú trí mheascán uathúil d'infheistíocht deontais phoiblí agus chothromais foighní trí Chiste CNE. Is cosúil go mbeidh an Ciste ar an luathinfheisteoir domhainteicneolaíochta is mó san Eoraip: tríd an úsáid is fearr a bhaint as buiséad EUR 10 mbilliún chun gur féidir le EIC EUR 30-50 billiún²² a chruinniú ó infheisteoirí príobháideacha eile.

Bearta faoi aontas na margáí caipitil (CMU)²³ agus tacaíocht trí InvestEU²⁴, tacaíocht lena ndéanfar níos mó ná EUR 370 billiún d'infheistíochtaí breise a shlógadh, déanfaidh na nithe sin infheistíocht phríobháideach a dhreasú tuilleadh chun tacú le nuálaíochtaí den sórt sin san Eoraip. Cuimsítear leis sin na hiarrachtaí chun an úsáid is fearr a bhaint as codán de 'shócmhainní faoi bhainistíocht' (AUM) na n-infheisteoirí fadtéarmacha institiúideacha / príobháideacha dar luach thart ar EUR 13 thrilliún²⁵, amhail cistí pinsin agus cuideachtaí árachais, i gcistí caipitil fiontair uas-scálaithe san Aontas.

Mar sin féin, tá líon i bhfad níos ísle gnólachtaí teicneolaíochta atá ag méadú ag an Aontas ná na Stáit Aontaithe agus an tSín agus tá maoiniú uas-scálaithe ar gcúl ar mhaoiniú le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta²⁶. Tá roinnt tosca ag cur bac ar an Aontas. Beidh táirgí traidisiúnta

Margadh Aonair a láidriú a thuilleadh', agus sa togra 'Nuálaíocht dhigiteach chun an geilleagar sóisialta agus inbhuanaithe a neartú'.

¹⁹ Sonraí ó Invest Europe, 2022.

²⁰ Ráta Fáis Iolraithe Bliantúil (CAGR) 49 %, i gcoinne 34 % don tSín agus 28 % do na Stáit Aontaithe.

²¹ Staid na Teicneolaíochta san Eoraip 2021.

²² https://eic.ec.europa.eu/system/files/2021-03/ec_rtd_eic-vision-roadmap-impact.pdf

²³ [Aontas na margáí caipitil](#)

²⁴ https://investeu.europa.eu/index_en

²⁵ Tuairim agus EUR 3 thrilliún (ECFE, staitisticí domhanda pinsin, 2022) atá i gcistí pinsin AE-27 agus tá sócmhainní faoi bhainistíocht (AUM) dar luach tuairim agus EUR 10 dtrilliún ag cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas; Insurance Europe, sonraí, 2021).

²⁶ Dul i nGleic leis an mBearná Uas-scálaithe: *Evidence and impact of the scale-up financing gap for innovative firms in Europe and reflections on potential solutions* – Anita Quas, Colin Mason, Ramón Compañó, James Gavigan agus Giuseppina Testa.

bainc, amhail iasachtaí, línte creidmheasa agus rótharraingtí bainc, ar an bpríomhfhoinsé maoinithe sheachtraigh le haghaidh fiontair Eorpacha i gcónaí²⁷. Tá ról measartha beag ag acmhainní malartacha margadhbhunaithe san Aontas amhail cothromas, agus le cánachas déantar an *status quo* a threisiú, de bharr go bhfuil íocaíochtaí úis ar mhaoiniú fiachais inasbhainte roimh cháin, cé bhfuil na costais a bhaineann le maoiniú cothromais sheachtraigh i bhformhór na mBallstát inasbhainte roimh cháin²⁸.

Cineál gearrthéarmach an mhaoinithe thraidisiúnta mar aon leis an míbhuntáiste fíoscach comparáideach a bhaineann le cothromas i gcomparáid le fiachas, is srian nach beag iad sin ar infheistíochtaí nuálaíochta, go háirithe agus uas-scálú á dhéanamh. Éilíonn nuálaíocht sa domhainticneolaíocht méideanna móra caipitil fhoighnigh toisc go ngabhann na nithe seo a leanas go ginearálta leis na cuideachtaí lena mbaineann: tá sruthanna ioncaim seanbhunaithe agus sreabhadh airgid urraithe in easnamh orthu; tá saibhreas maoiné intleachtúil (IP) acu ach níl mórán comhthaoibhachta inláimhsithe acu; agus tógfaidh sé roinnt ama a gcuid torthaí a imscaradh i dtéarmaí táirgí indíolta agus torthaí airgeadais araon.

Tá cistí móra caipitil fiontair (VC) atá toilteanach suibscríobh do luachanna idirbhirt móra ag an Aontas in easnamh ar an Aontas Eorpach, i gcomparáid leo siúd sna Stáit Aontaithe agus sa tSín. Léirítear le dáileadh infheisteoirí VC ar chineálacha éagsúla infheisteoirí nach raibh ach cistí 12.7 % d'iomlán chistí VC a cruinníodh san Aontas in 2020 ag na cistí pinsin agus cuideachtaí árachais²⁹. Ar an taobh eile, bhí an sciar is mó (nach mór 35 %) ag gníomhaireachtaí rialtais. Leis sin, leagtar béim ar chineál ilroinnte agus coil riosca mhargadh VC na hEorpa, agus tá go leor infheisteoirí ag díriú ar mhargaí luathchéime, cúnga, réigiúnacha, a mbíonn níos lú babhtaí infheistíochta ag céim dhéanach san Eoraip mar thoradh orthu.

Is iad infheisteoirí thar lear a bhí ag tiomáint fhormhór na mbabhtaí móra infheistíochta (cistí VC nach bhfuil lonnaithe san Aontas)³⁰, agus tá ról measartha beag ag Tairiscintí Tosaigh don Phobal (TTPanna) maidir le maoiniú san Aontas i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe. Cuireann margadh TTP atá róbheag teorainn le foinsí maoinithe cothromais le haghaidh cuideachtaí³¹ agus le deiseanna infheistíochta le haghaidh infheisteoirí. Cuirtear teorainn leis na bealaí imeachta le haghaidh infheisteoirí VC agus infheisteoirí cothromais phríobháidigh freisin, infheisteoirí a d'fhéadfadh infheistiú a dhéanamh ag céim níos luaithe i bhforbairt na cuideachta. In 2020, ní dhearnadh ach 5 % de mhéid iomlán an dífheistithe trí TTPanna san Aontas, i gcomparáid leis an 30 % a tuairiscíodh sna Stáit Aontaithe³². Tá fianaise ann gur cuireadh brú leis na tosca sin ar

²⁷ An Coimisiún Eorpach (2017), Anailís ar Mhargadh Bannaí Corparáideacha na hEorpa. Tuarascáil anailíseach lena dtacaítear leis an bpríomhthuarascáil ó Shainghrúpa an Choimisiúin maidir le Bannaí Corparáideacha.

²⁸ [Measúnú ar thionchar tionscanta DEBRA](#)

²⁹ An tuarascáil maidir le Feidhmíocht Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh 2022 (atá le teacht gan mhoill) bunaithe ar Invest Europe, 2021.

³⁰ 75 % de na hidirbhearta airgeadais uas-scálaithe san Aontas.

³¹ Le TTPanna, ceadáitear do ghnólachtaí atá ag méadú rochtain a fháil ar chaipiteal riosca go dtí méid caipitil atá cothrom le 5.5 uair níos fearr ná an méid a chruinníonn gnólachtaí atá príobháideach i gcónaí (<https://mindthebridge.com/tech-scaleup-ipos-2019-report/>)

³² An tuarascáil maidir le Feidhmíocht Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh 2022 bunaithe ar Ambrosio at el (2021).

chuideachtaí Eorpacha athlonnú, lena n-áirítear trí liostuithe agus imeachtaí lena n-áirítear díolacháin trádála³³.

Ina theannta sin, tá mná agus daoine ó chúlraí ilghnéitheacha faoi ghannionadaíocht go fóill i ngnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta agus i gcistí infheistíochta araon d'ainneoin na gcomhghaolta follasacha idir fás cuideachtaí agus foirne ilghnéitheach³⁴, lena n-áirítear mná, i bpoist cheannaireachta a bheith ann. In 2020, níor ghabh cuideachtaí teicneolaíochta arna mbunú ag mná ach 1.7 % den chaipiteal a cruinníodh i margaí VC na hEorpa³⁵, agus bhí difríocht mhór i gcónaí idir cuideachtaí faoi stiúir fear agus cuideachtaí a bhfuil bunaitheoirí measctha agus/nó bunaitheoirí ban acu, i dtéarmaí an caipiteal a cruinníodh agus an líon idirbheart araon. Tugann an fhianaise le fios go bhfuil gannionadaíocht den chineál céanna ann maidir le grúpaí mionlaigh eile. Leis sin, cuirtear teorainn leis an sreabhadh smaointe agus tallanna a fhreastalaíonn ar riachtanais dhaonra ilghnéitheach an Aontais agus ar na deiseanna éagsúla i margaí domhanda.

2.1.2 Tionscnamh Suaitheanta maidir le maoiniú do ghnólachtaí domhainteicneolaíochta atá ag méadú

Díríonn an tionscnamh suaitheanta seo ar bhearta lena gcuirfear dlús le fás gnólachtaí nuathionscanta san Aontas. D'fhéadfaí thart ar EUR 45 billiún de mhaoiniú le haghaidh gnólachtaí atá ag méadú a shlógadh faoi 2025³⁶ ó fhoinsí caipitil phríobháidigh nár baineadh leas astu, agus d'fhéadfaí costas an liostaithe ar mhargaí poiblí a laghdú freisin.

Athchothromú dreasachtaí fiachais-cothromais

Mhol an Coimisiún **liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú (DEBRA)**³⁷ a mhéadódh infhaighteacht cothromais agus a d'fhéadfadh é a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí trí chostas cothromais nua ar fud an Aontais a laghdú. A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle é, d'fhéadfadh sé sin liúntas a chur ar fáil maidir leis an gcostas a bhaineann le cothromas a chruinniú mar aon le teorannú ar asbhaint úis bharúlaigh. Bheadh gach corparáid neamhairgeadais incháilithe do liúntais maidir le cothromas nua agus d'fhéadfadh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ráta úis bharúlaigh níos airde a fháil (i.e. tairbhiú d'asbhaintí níos airde) i gcomparáid le gnólachtaí móra.

Liostú

I gcomhréir le cuspóirí Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil (CMU), **molfaidh an Coimisiún Gníomh um Liostuithe** sa dara leath de 2022. Leis an nGníomh um Liostuithe, déanfar simpliú agus éascú ar na ceanglais liostaithe tosaigh agus leanúnacha araon le haghaidh cineálacha áirithe cuideachtaí chun costais a laghdú agus

³³ Braun et al. (2019), Follow the Money: How Venture Capital Facilitates Emigration of Firms and Entrepreneurs in Europe [Lean an tAirgead: An Chaoi a nÉascaíonn Caipiteal Fiontair Eisimirce Gnólachtaí agus Fiontraíthe san Eoraip] 2019.

³⁴ <https://hbr.org/2018/07/the-other-diversity-dividend/>

³⁵ Atomico (2021), State of European Tech 2021 [Staid na Teiceolaíochta Eorpaí 2021].

³⁶ EUR 30 billiún ó chistí pinsin, EUR 15 bhilliún ó chuideachtaí árachais. Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an gClár Oibre Eorpach nua um Nuálaíocht, 2.1.3. Cistí a d'fhéadfaí a shlógadh tríd an ngníomhaíocht maidir le maoiniú caipitil fiontair ag céim níos déanaí.

³⁷ Arna fhoilsiú an 11 Bealtaine 2022.

deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú d'eisitheoirí, agus cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh á gcosaint san am céanna. Chun gur féidir le bunaitheoirí agus teaghlaigh áirithe (e.g. eisitheoirí atá ag liostú ar mhargaí fáis FBManna) smacht a choinneáil tar éis an liostaithe, agus méideanna móra cistí a chruinniú agus leas a bhaint as na sochair a bhaineann le liostú san am céanna, féadfaidh an Gníomh um Liostú comhchuibhiú íosta a mholadh maidir le córais náisiúnta dlí a bhaineann le Dé-aicme Scaireanna ar fud an Aontais. Thairis sin, a bhí le ráthaíocht an Aontais faoi thionscnamh InvestEU TTP FBM³⁸, infheisteoidh an Ciste Eorpach Infheistíochta in FBManna a bheidh ar fáil don phobal nó a bhfuil sé ar intinn acu déanamh amhlaidh. Tarraingeofar leis sin infheistíochtaí príobháideacha breise chun tacú le huas-scálú agus fás FBManna.

Maoiniú caipitil fiontair ag céim níos déanaí

Leis an gconradh ráthaíochta InvestEU a shínigh an Coimisiún Eorpach agus Grúpa BEI i mí an Mhárta 2022, réitítear an bealach do tháirgí airgeadais InvestEU faoi **ionú an Taighde, na Nuálaíochta agus an Digiúithe** a chur chun feidhme trína n-imscairfaidh Grúpa BEI EUR 5.5 billiún chun tacú le nuálaíochtaí ceannródaíocha go dtí 2027.³⁹ Chun cur leis an tionscadal píolótach ar éirigh leis⁴⁰, leathnófar **an sásra maidir le Gníomhaíocht Uas-scálaithe Eorpaí le haghaidh Caipiteal Riosca (ESCALAR) faoi InvestEU**. Tarraingeoidh an leathnú níos mó cistí príobháideacha nua agus infheisteoirí institiúideacha go háirithe, trí chothromas VC a chomhlánú le cuasachothromas a bhfuil próifíl riosca laghdaithe aige. D'fhéadfadh sé sin cumas infheistíochta VC ar leith a dhúbailt gan carachtar thírdhreach VC na hEorpa a shaobhadh trí infheistíocht phríobháideach bhreise a tharraingt bunaithe ar chur chuige neamh-*pari passu*⁴¹.

Chun tacú leis sin, tionólfadh an Coimisiún ceannairí infheisteoirí móra institiúideacha (cistí pinsin, árachais agus rachmais cheannasaigh) chun deiseanna agus ceanglais a fhiosrú chun infheistíochtaí i geistí caipitil fiontair a mhéadú. Faoi InvestEU, féachfar freisin ar iarrachtaí chun cabhrú le hinstiúidí airgeadais agus lena saineolaithe infheistíochta sócmhainní doláimhsithe a mheasúnú, a luacháil agus a chaomhnú ar bhealach níos fearr chun gur féidir le FBManna maoin intleachtúil a úsáid mar chomhthabacht.

Ina theannta sin, in éineacht leis na Ballstáit agus le BEI, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na comhlántachtaí idir ionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ann cheana agus tionscnaimh a rinneadh le déanaí amhail an Tionscnamh i ndáil le Seaimpíní Teicneolaíochta na hEorpa⁴² (ETCI, a ngeallfaidh Grúpa BEI suas le EUR 500 milliún dóibh ar dtús), d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbearna uas-scálaithe le haghaidh chuideachtaí domhainteicneolaíochta na hEorpa.

³⁸ https://www.eif.org/InvestEU/equity_products_calls/index.htm

³⁹ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_1548

⁴⁰ https://www.eif.org/what_we_do/equity/escalar/index.htm

⁴¹ Infheistíochtaí a thairbhíonn de chosaintí breise áirithe lena laghdáítear an riosca infheistíochta i gcomparáid le haicmí scaireanna eile nó aicmí comhchosúla. Chun aitheantas a thabhairt don riosca níos ísle, ní thairbheoidh an infheistíocht de na teidlíochtaí toraidh céanna agus a bheidh ag infheisteoirí eile a shuibscríobhann aicmí scaireanna eile nó scaireanna comhchosúla a bhfuil riosca níos airde ag baint leo.

⁴² https://www.eif.org/what_we_do/equity/news/2022/eib-supports-the-pan-european-scale-up-initiative-to-promote-tech-champions.htm

Éagsúlacht a Mhéadú agus Feabhas a chur ar an Sreabhadh Idirbheart

Léireoidh an Coimisiún **innéacs nuálaíochta inscne agus éagsúlachta ar bhonn píolótach**. Áireofar leis sin sonraí maidir le mná agus grúpaí eile ag a bhfuil níos lú ionadaíochta, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, i ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus i ngnólachtaí atá ag méadú agus i measc infheisteoirí agus cistí a infheistíonn i gcuideachtaí den sórt sin. Beidh sé bunaithe ar staidéar ina ndéantar measúnú ar an mbearna infheistíochta idir na hinscní ar leibhéal na gcuideachtaí faoi stiúir ban agus ar leibhéal na geistí faoi stiúir ban araon. Leis an staidéar, forbrófar modheolaíocht chomhchuibhithe le haghaidh bailiú sonraí atá láidir agus córasach agus molfar anailísíocht leordhóthanach sonraí chun bonn eolais níos fearr a chur faoin mbeartas. Le cláir amhail **Women2Invest de chuid EIT**⁴³, tacófar tuilleadh le hiarrachtaí chun an éagsúlacht a mhéadú trí chabhrú le hinfeisteoirí baint a bheith acu le linn tallann níos ilchineálaí agus daoine a earcú ón linn tallann sin.

2.2 Coinníollacha creata le haghaidh nuálaíocht domhainteicneolaíochta

2.2.1. Dúshlán

Le coinníollacha creata, lena n-áirítear rialacháin, is féidir leo forbairt agus glacadh táirgí agus próisis nuálacha nua a spreagadh nó a chosc.

Tá bearta déanta ag an Aontas chun an comhtháthú laistigh den mhargadh aonair a neartú agus chun rialacháin a ghlacadh lena dtugtar cothromaíocht idir an gá atá le cosaint agus an gá le bheith nuálach, mar a léirítear le treoirlínte an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr agus leis an mbosca uirlisí a bhaineann leis⁴⁴. Is ann do chlásail turgnaimh lena réitítear an bealach d'fhorbairt níos dinimiciúla ar rialacháin sa réimse digiteach⁴⁵, agus is sampla amháin den sórt sin é an Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blochshlabhra (EBSI) arna mhaoiniú ag an gclár don Eoraip Dhigiteach lena gcuirtear ardán uile-Eorpach ginearálta ar fáil le haghaidh seirbhísí poiblí trasteorann. Fuarthas amach sa mheastóireacht a rinneadh le déanaí ar an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta⁴⁶ go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag bunú comhair struchtúrtha maidir le hidir-inoibritheacht na seirbhísí poiblí digiteacha ar an nuálaíocht san earnáil phoiblí. Ina theannta sin, bhain an earnáil iompair agus an earnáil fuinnimh tairbhe as na cineálacha cur chuige sin i roinnt Ballstát.

Le gairid, rinne an togra ón gCoimisiún maidir le Fuinneamh In-athnuaite⁴⁷ raon feidhme a sholáthar chun boscaí gainimh rialála a chruthú chun nuálaíocht a chothú san earnáil fuinnimh in-athnuaite, agus rinneadh moladh chun tionscadail maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite a cheadú go pras a chur san áireamh mar chuid den Phlean REPowerEU. Leis an togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíochta (IED)⁴⁸, cuirtear chun cinn freisin glacadh teicneolaíochtaí agus

⁴³ <https://eit.europa.eu/our-activities/opportunities/eit-opens-call-investors-participate-women2invest>

⁴⁴ Rialáil níos fearr: treoirlínte agus bosca uirlisí [An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eif_ga/) - féach go háirithe an uirlis thiomnaithe #22 maidir le taighde agus nuálaíocht agus uirlis #69 maidir le beartais atá ag teacht chun cinn, mar shampla na boscaí gainimh rialála.

⁴⁵ https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:e0649735-a372-11eb-9585-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&format=PDF

⁴⁶ https://ec.europa.eu/isa2/eif_ga/

⁴⁷ https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/amendment-renewable-energy-directive-2030-climate-target-with-annexes_en.pdf

⁴⁸ <https://ec.europa.eu/environment/industry/stationary/ied/evaluation.htm>

teicnící nuálacha le linn an chlaochlaidhe thionsclaíoch leanúnaigh trí fhoráil a dhéanamh, i measc nithe eile, maidir le maoluithe sealadacha ar theorainneacha astaíochtaí chun teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil nó chun teicníc úrscothach a chur chun feidhme. Thairis sin, trí shaotharlanna beo le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha glasa cliste atá saor ó thruailliú faoin bPlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú⁴⁹, tacófar le rannpháirtíocht leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le páirtithe leasmhara chun gníomhaíochtaí áitiúla a fhorbairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

Mar gheall ar chineál na nuálaíochta domhainteicneolaíochta ceannródaíochta agus ar an bpráinn a bhaineann leis an dá aistriú, áfach, tá gá le tuilleadh dul chun cinn maidir le creataí rialála freagracha lena n-éascaítear tástáil ag nuálaithe, lena n-áirítear glacadh an phobail agus lena gcuirtear ar chumas do rialtóirí foghlaim agus oiriúnú i réimsí nua. Tá deis shuntasach ann freisin foghlaim ó chineálacha éagsúla cur chuige a ghlahtar ar fud Bhallstáit an Aontais chun na roghanna atá ar fáil do nuálaithe agus do rialtóirí a shoiléiriú, chun tástáil den sórt sin a éascú.

Ina theannta sin, tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ról na hearnála poiblí mar phríomhchustaiméir, is féidir margaí a mhúnlú, seirbhísí feabhsaithe a sholáthar, infheistíocht phríobháideach a phlódú i gcás nach mbeadh sí in easnamh, agus níos tábhachtaí fós, céadchustaiméir nuálacha a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha. San Aontas Eorpach, caitheann údaráis phoiblí thart ar 14 % den OTI (thart ar EUR 2 thrilliún sa bhliain) ar tháirgí agus ar sheirbhísí a chur ar fáil⁵⁰. De réir tagarmharcáil⁵¹ ar fud an Aontais, chun seirbhísí poiblí a nuachóiriú agus chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú ar fud an domhain, is gá infheistíochtaí i soláthar nuálaíochta a dhúbláil. Go dtí seo, cé go bhfuil straitéisí náisiúnta forbartha ag 81 % de thíortha ECFE le beartais a chothaíonn soláthar nuálaíochta, níl straitéisí den sórt sin ach ag aon trian de Bhallstáit an Aontais. Na sonraí a d'fhéadfadh cabhrú le feabhas a chur ar chur chuige atá ann cheana, tá siad in easnamh nó neamhréireach, rud a chuireann bac ar chinnteoireacht fheasach.

2.2.2 Tionscnamh suaitheanta maidir le nuálaíocht domhainteicneolaíochta a chumasú trí spásanna turgnamhaíochta agus trí sholáthar poiblí

Díríonn an tionscnamh suaitheanta seo ar nuálaíocht a éascú trí chreatchoinníollacha feabhsaithe lena n-áirítear cur chuige turgnamhach maidir le rialáil, trí bhoscaí gainimh rialála⁵², mar a thugtar orthu, chomh maith le binsí tástála, saotharlanna beo agus soláthar nuálaíochta.

Bosca gainimh rialála

Eiseoidh an Coimisiún doiciméad treorach sa chéad leath de 2023 ina ndéanfar soiléiriú ar chásanna úsáide ábhartha de bhoscaí gainimh rialála, binsí tástála agus saotharlanna beo chun

⁴⁹ [Plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú \(europa.eu\)](https://europa.eu)

⁵⁰ Comhairle Eorpach an Aontais Eorpaigh (2020), Conclúid ón gComhairle: Infheistíocht phoiblí tríd an soláthar poiblí: Téarnamh Inbhuanaithe agus Borradh a Chur faoi Gheilleagar Athléimneach an Aontais.

⁵¹ Féach an fógra ón gCoimisiún maidir le soláthar nuálaíochta C(2018)3051, bunaithe ar an gcuar nuálaíochta Bell d'earnálacha coimeádacha.

⁵² Soláthraíonn boscaí gainimh rialála díolúintí dea-shainithe chun trialacha a dhéanamh ar tháirgí agus teicneolaíochtaí nuálacha nach mbeadh i gcomhréir go hiomlán leis na rialacháin atá ann cheana murach sin.

tacaíocht a thabhairt do lucht ceaptha beartas agus do nuálaithe ina gcur chuige maidir le turgnaimh san Aontas. Tabharfaidh doiciméad inmheánach oibre forléargas ar na príomhchlásail turgnamhacha atá ann cheana agus ar na boscaí gainimh rialála i ndlí an Aontais Eorpaigh, agus tabharfar tacaíocht do nuálaithe chun limistéir a shainathint agus spás turgnamhaíochta a bhunú, amhail ceapacháin rialála, saotharlanna beo nó binsí tástála, a d'fhéadfadh úsáid teicneolaíochtaí suaiteacha a éascú trí ghlaonna a dhéanamh amach anseo⁵³.

Tacóidh an Coimisiún freisin le **cruthú Ghorlann GovTech** in 2023: Comhaontú le haghaidh comhoibriú trasteorann idir gníomhaireachtaí digitithe maidir le teicneolaíochtaí nuálacha rialtais digiteacha a chur in úsáid tríd an gelár don Eoraip Dhigiteach.

Ina theannta sin, léireoidh an Coimisiún **Grúpa Comhairleach um Rialacháin atá fabhrach don Nuálaíocht** ar bhonn píolótach, grúpa saineolaithe a sholáthraíonn comhairle réamhtheachtach beartais ar theicneolaíochtaí nua maidir leis an timpeallacht rialála agus samhla gno, chun díriú ar úsáid ardteicneolaíochtaí digiteacha laistigh de sheirbhísí poiblí. Áireofar leis sin, go háirithe, cur chun feidhme cásanna úsáide roghnaithe san earnáil phoiblí agus ceanglais idir-inoibritheachta le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha arna nglacadh ag riaracháin phoiblí san Aontas. Féadfaidh comhairle ón ngrúpa tacú freisin le gníomhaíochtaí agus cláir a bhaineann le soláthar poiblí agus tástáil le hardteicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn atá á dhéanamh ag údaráis phoiblí i dtimpeallachtaí rialaithe (boscaí gainimh rialála).

Binsí tástála

Bunóidh an Coimisiún **binse tástála nuálaíochta oscailte nua le haghaidh hidrigin in-athnuaite** in 2023 faoin gelár Fís Eorpach chun rochtain ar áiseanna, ar dheiseanna agus ar sheirbhísí fisiciúla a chur ar fáil. Mar chuid den bhinse tástála nuálaíochta oscailte, na páirtithe a bheidh á cur chun feidhme, lorgóidh siad treoraíocht maidir le creataí dlíthiúla agus rialála na hEorpa a chomhlíonadh agus maidir leis an dearadh ciorclach a mhéadú (measúnú saolré), chun tacú le geilleagar hidriline bríomhar a fhorbairt feadh an tslabhra luacha ar fad. Beidh léargas ó na 22 bhinse tástála nuálaíochta oscailte lena dtugtar tacaíocht do ghlacadh tionsclaíoch nuálaíochtaí teicneolaíochta i réimsí na nanaitheicneolaíochta agus ardábhar mar bhonn d'infheidhmeacht an chur chuige sin amach anseo. Comhlánófar é sin le comhairle ó ghrúpaí ardleibhéil, mar atá 'Grúpa Teicneolaíochta Nua maidir le Soghluaisteacht' maidir le tástáil agus trialacha teicneolaíochtaí soghluaisteachta atá ag teacht chun cinn san Aontas a éascú (an binse tástála Eorpach maidir le soghluaisteacht)⁵⁴.

Rochtain ar bhonneagar nuálaíochta

Sa Chreat Státhabhrach athbhreithnithe um an Taighde agus an Fhorbairt agus an Nuálaíocht, tráth a ghlacfar é, beidh **riail nua lena gceadófar do na Ballstáit cabhair a dheonú chun saoráidí tástála agus turgnamhaíochta a thógáil agus a uasghrádú**. Áiríteofar leis sin gur féidir leis an gcreat TFN mar aon le Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER) cabhrú leis

⁵³ https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/european-innovation-ecosystems_ga

⁵⁴ Féach an [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste](#)

na Ballstáit tacú le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip⁵⁵ agus straitéisí Tionsclaíocha agus Digiteacha⁵⁶ an Choimisiúin.

Ina theannta sin, seolfaidh an Coimisiún **saoráidí⁵⁷ tástála agus turgnamhaíochta le haghaidh nuálaíocht na hintleachta saorga** ar leibhéal Eorpach in 2023. Cuirfidh siad sin ar chumas nuálaithe tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar tháirgí úrscothacha i dtimpeallachtaí san fhíorshaol agus sin ar mórsála.

Soláthar nuálach

Tacóidh an Coimisiún le **sainseirbhís chomhairleach um sholáthar nuálaíochta a bhunú**. Beidh sé sin ina idirghabhálaí idir soláthraithe poiblí agus soláthraithe nuálacha. Tacóidh an Coimisiún freisin le saotharlanna agus gortanna beo a chruthú, mar shampla, chun nuálaithe agus riarthóirí poiblí a nascadh chun teicneolaíochtaí nuálacha a sholáthar i réimsí ina bhfuil siad de dhíth ar an bpobal⁵⁸. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún a thagarmharcáil⁵⁹ ar fud an Aontais ar chreataí beartais náisiúnta agus ar infheistíochtaí maidir le soláthar nuálaíochta san Eoraip a thabhairt cothrom le dáta agus déanfaidh sé measúnú ar ghlacadh an nós imeachta um chomhpháirtíocht nuálaíochta laistigh de Threoir 2014 maidir le soláthar réamhthráchtála, chomh maith leis an tagarmharc ar sholáthairtí réamhthráchtála nach dtagann faoi na treoracha soláthair agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta soláthair.

2.3. Éiceachórais nuálaíochta a chur chun cinn agus dul i ngleic leis an deighilt nuálaíochta ar fud an Aontais

2.3.1 Dúshlán

Leanadh d'fheabhas a chur ar fheidhmíocht nuálaíochta an Aontais le linn na tréimhse 2014-2021⁶⁰. Is féidir leis dul in iomaíocht go héifeachtach le geilleagair mhóra ar fud an domhain trí fhíor-éiceachóras nuálaíochta uile-Eorpach a thógáil a mbeidh éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha rathúla mar bhonn aige agus trí leas a bhaint as taithí, riachtanais, fis agus braistintí go bhfuil éagsúlacht leathan daoine, cuideachtaí agus áiteanna ann, rudaí atá ag dul i méid.

Tá ról lárnach ag straitéisí⁶¹ um speisialtóireacht chliste maidir le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha a neartú ionas gur fearr a bheidh siad in ann fás eacnamaíoch a spreagadh agus a chothú. Is iad a sholáthraíonn an creat le haghaidh tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na

⁵⁵ [Comhaontú Glas don Eoraip/An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](http://Comhaontú Glas don Eoraip/An Coimisiún Eorpach (europa.eu))

⁵⁶ [Deacáid Dhigiteach na hEorpa:spríocanna digiteacha le haghaidh 2030/An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](http://Deacáid Dhigiteach na hEorpa:spríocanna digiteacha le haghaidh 2030/An Coimisiún Eorpach (europa.eu))

⁵⁷ An Clár don Eoraip Dhigiteach

⁵⁸ [Clár an Mhargaidh Aonair/An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](http://Clár an Mhargaidh Aonair/An Coimisiún Eorpach (europa.eu))

⁵⁹ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta, Úsáid straitéiseach an tsoláthair phoiblí le haghaidh nuálaíochta sa gheilleagar digiteach: achoimre feidhmiúcháin i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

⁶⁰ Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2021.

⁶¹ Is iad na straitéisí um speisialtóireacht chliste príomh-mhodheolaíocht an Aontais Eorpaigh chun éiceachórais nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha a threisiú. Tá na Ballstáit agus na réigiúin ar fud an Aontais ag tabhairt a gcuid straitéisí um speisialtóireacht chliste cothrom le dáta faoi láthair, i gcomhréir leis an gcoincheap bunaithe agus leis na forálacha dlíthiúla ábhartha maidir le tacaíocht don bheartas comhtháthaithe.

hEorpa (CFRE) do thaighde agus do nuálaíocht, agus meastar go mbeidh EUR 56 bhiliún ag gabháil leis don tréimhse 2021-2027. Tá Ardáin Théamacha um Speisialtóireacht Chliste agus comhpháirtíochtaí ina bpríomhuirlisí freisin chun nuálaithe a nascadh le láidreachtaí agus tosaíochtaí comhchosúla nó comhlántacha sna Ballstáit agus sna réigiúin uile, lena n-áirítear i réimsí teicneolaíochta atá ríthábhachtach don aistriú glas agus digiteach. Le 6 bliana anuas, sholáthair 37 gcomhpháirtíocht⁶² idir-réigiúnacha a raibh baint ag 180 críoch as measc 33 thír AE agus neamh-AE leo, sholáthair siad tacaíocht den sórt sin le haghaidh réimsí éagsúla, mar shampla bunábhar ceallraí, agus teicneolaíocht breosla-chill hidrigine.

Cuidíonn bonneagair thaighde agus teicneolaíochta freisin leis na taighdeoirí, na hinnealtóirí, na teicneoirí agus na mic léinn is fearr a mhealladh agus tá sé d'acmhainn acu tacú le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha agus réigiúnacha. I réigiún ar fud na hEorpa, tá ailíniú na tacaíochta ó CFRE le straitéisí um speisialtóireacht chliste ag cothú nuálaíochta áitbhunaithe agus spreagann sé infheistíochtaí atá i gcomhréir le riachtanais agus deiseanna gnó réigiúnacha. Mar thoradh air sin cruthaíodh moil nuálaíochta réigiúnacha agus braislí tionsclaíochta atá bunaithe ar chomhshuí na mbonneagar taighde, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, agus tionscail (e.g. Grenoble, Hamburg nó Brno). An tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha (ECCP)⁶³, soláthraíonn sé forléargas ar speisialtacht agus tionchar na mbraislí sin ar fud 201 réigiún Eorpach, agus Cláir de chuid an Aontais lena n-áirítear obair an an Líonra Fiontar Eorpach (EEN), éascaíonn siad naisc ríthábhachtacha le chomhpáirtithe idirnáisiúnta agus slabhraí soláthair, rud a léiríonn a thábhachtaí atá oscailteacht agus comhpháirtíochtaí le haghaidh gheilleagar an Aontais⁶⁴. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún an tionscnamh um Comh-mhapáil ar Ghníomhóirí um Thacaíocht Nuálaíochta⁶⁵ chun mapáil chuimsitheach a chur ar fáil ar nuálaíocht a thacaíonn le gníomhaithe agus le saoráidí úrscóthacha a thacaíonn le gach éiceachóras nuálaíochta réigiúnach ar fud na hEorpa.

Tá an obair seo sa bhreis ar mhaoiniú don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus d'Éiceachórais Nuálaíochta Eorpacha (EIE) faoi Cholún III 'Eoraip Nuálach' de chuid Fhís Eorpach, ina bhfuil an dúshraith á leagan síos le haghaidh Éiceachóras Nuálaíochta uile-Eorpach lena ndéantar éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha a nascadh le chéile ar fud an Aontais. Díríonn Scéim Nuálaíochta Réigiúnach EIT (RIS) ar éiceachórais nuálaíochta a fhorbairt i réigiúin feidhmíochta íseal-nuálaíochta ar fud na hEorpa agus ar na héiceachórais sin a nascadh le straitéisí áitiúla agus réigiúnacha um speisialtóireacht chliste. Beidh sraith nua de thionscadail EIE ina gcomhlánú air sin trí éiceachórais nuálaíochta réigiúnaí dea-fhorbartha a nascadh le héiceachórais bheagfhorbartha, rud a dhéanfaidh crostoirchiú a áirithiú.

Ina theannta sin, leanann an Coimisiún de bheith ag spreagadh tuilleadh comhleanúnachais agus sineirgí níos fearr idir beartais an Aontais agus sásraí maoiniúcháin a thacaíonn le nuálaíocht ghnó ar gach leibhéal, lena n-áirítear na Ballstáit faoi Chlár Oibre Beartais Nua LET. Áirítear leis sin na treochláir teicneolaíochta tionsclaíche arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht a ailíniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun forbairt agus

⁶² https://ec.europa.eu/growth/industry/strategy/interregional-partnerships_en#:~:text=Interregional%20partnerships%20The%20European%20Commission%20supports%20interregional%20partnerships,interregional%20cooperation%20to%20boost%20industrial%20competitiveness%20and%20innovation

⁶³ <https://clustercollaboration.eu/>

⁶⁴ https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2021/february/tradoc_159438.pdf

⁶⁵ <https://joinup.ec.europa.eu/collection/cmisa>

glacadh teicneolaíochtaí⁶⁶ nuálacha agus moil LET a chothú. Beidh an tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht (RRF) mar bhonn taca breise le forbairtí den sórt sin. Cuirfear EUR 44 bhiliún (ag praghsanna 2021)⁶⁷ ar fáil i bhfoirm iasachtaí agus deontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann go sonrach le gach tír faoi leith a sainaithníodh sa Seimeastar Eorpach agus chun an t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn, rud a chuirfidh le hathléimneacht ar fud an chórais.

Cumasaíodh samhlacha nua comhair freisin, lena n-áirítear trí na Comhghuaillíochtaí Tionsclaíocha⁶⁸ lena dtugtar le chéile raon leathan comhpháirtithe i slabhra luacha nó tionscal ar leith, lena n-áirítear páirtithe leasmhara ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, agus tosaíocht a thabhairt do Thionscail thábhachtacha ar mhaithe leis an leas coiteann Eorpach (IPCEI)⁶⁹, lena gcumasaítear tráchtálú nuálaíochtaí ceannródaíocha lena gcomhtháthaítear iarrachtaí roinnt Ballstát den Aontas Eorpach chun tacú le straitéis thionsclaíoch an Aontais i réimsí amhail hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin agus micrileictreonaic. Ina theannta sin, tacóidh líonra na Mol Nuálaíochta Dígí Eorpacha leis an nuálaíocht dhigiteach in FBManna agus in riaracháin phoiblí ar fud réigiúin uile an Aontais, trí straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha digitithe a chomhlánú, d'fhonn cabhrú le cuideachtaí nuálaíochta a dhéanamh agus éirí níos iomaíche trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.

D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, tá éagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le feidhmíocht taighde agus nuálaíochta fós go mór ar fud an Aontais agus tá méadú ag teacht ar an deighilt nuálaíochta sin. Tá scaipeadh nuálaíochtaí agus glacadh teicneolaíochtaí ceannródaíocha fós fo-optamach, lena n-áirítear trí naisc idir-réigiúnacha, agus is minic a bhíonn acmhainneacht neamhshaothraithe in éiceachórais na nuálaíochta réigiúnaí dírithe ar eagraíochtaí ardoideachais, taighde nó oiliúna. Féadfaidh siad sin rannchuidiú⁷⁰ le hearnálacha tionsclaíocha agus le slabhraí luacha domhanda, ach d'fhéadfadh easpa dreasachtaí, taithí agus acmhainní a bheith in easnamh faoi láthair chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha.

Leis an mbearna sin i bhfeidhmíocht na nuálaíochta, atá ag teacht le cora chun donais san fhás eacnamaíoch, sa nascacht agus san ioncam, chomh maith leis an neamhionannas atá ag dul i méid, lagaítear feidhmíocht éiceachóras nuálaíochta an Aontais ina iomláine agus cuireann sí bac ar chomhtháthú ar fud an Aontais.

2.3.2 Tionscnamh suaitheanta maidir le nuálaíocht a luathú agus a neartú in Éiceachórais Nuálaíochta Eorpacha ar fud an Aontais Eorpaigh agus aghaidh a thabhairt ar an deighilt nuálaíochta

Is é is aidhm don tionscnamh seo dlús a chur leis an nuálaíocht agus barr feabhais a scaoileadh ar fud an Aontais trí bhithin uirlisí éagsúla. Diríonn sé ar an mbonn a chruthú le go dtiocfaidh gleannta nuálaíochta réigiúnacha nasctha chun cinn ar fud an Aontais, go háirithe trí réigiúin a bhfuil feidhmíocht nuálaíochta níos ísle acu a thabhairt chun cinn, trí fhorbairt a dhéanamh ar

⁶⁶https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/era-common-industrial-technologies-roadmaps_ga

⁶⁷ Tacóidh breis agus EUR 44 bhiliún den iomlán le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta.

⁶⁸ [Comhghuaillíocht thionsclaíoch \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_6245)

⁶⁹ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_6245

⁷⁰ Mar a léirítear i lámhleabhar HESS ([JRC125293](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_6245))

réimsí straitéiseacha a bhfuil neart réigiúnach agus speisialtóireacht iontu, chun tacú le príomhthosaíochtaí an Aontais.

Gleannta nuálaíochta domhainteicneolaíochta réigiúnacha atá nasctha a chothú ar fud an Aontais

Leis an ngníomh seo, féachfar le héiceachórais nuálaíochta a neartú ar fud an Aontais, trí dhlús a chur le forbairt agus le húsáid nuálaíochta, lena n-áirítear nuálaíocht domhainteicneolaíochta. Tugann sé le chéile réigiúin níos lú agus níos nuálaí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshlán is measa atá os comhair an Aontais, eadhon an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, slándáil bia a mhéadú, máistreacht a chur ar an gclaochlú digiteach (lena n-áirítear cibearshlándaíl), cúram sláinte a fheabhsú agus ciorclaíocht a bhaint amach.

Seolfar é faoi dheireadh 2023 agus aithneofar suas le 100 réigiún atá tiomanta do chomhordú agus treoíocht a gcuid infheistíochta agus beartas T&N a fheabhsú ag leibhéal réigiúnach. Meastar go dtabharfaidh na réigiúin sin tús áite do 3-4 **thionscadal nuálaíochta idir-réigiúnacha**, lena n-áirítear sa nuálaíocht domhainteicneolaíochta, atá nasctha le príomhthosaíochtaí an Aontais. Tógfaidh sé ar **Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste** agus, i gcás inarb infheidhme, ar rannpháirtíocht sna Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíocht Réigiúnach (PRInna)⁷¹, lena mbaineann 74 chríoch de chuid an Aontais (lena n-áirítear 63 réigiún – NUTS2) a sheol an Coimisiún Eorpach agus Coiste Eorpach na Réigiún i mí Aibreáin 2022.

Chun teacht i dtír ar infheistíochtaí den sórt sin agus tionchar na n-infheistíochtaí sin a uasmhéadú, tacóidh an Coimisiún le hiarrachtaí neart a bhaint as éagsúlacht chríocha an Aontais tríd an leas is fearr a bhaint as sócmhainní sonracha gach réigiúin, agus trí chomhoibriú a éascú chun slabhraí luacha AE nua a thógáil. Cuirfidh sé sin ar chumas na réigiún ag a bhfuil réimsí ailínithe speisialtóireachta agus cumais chomhlántacha, chomh maith le leibhéal éagsúla feidhmíochta nuálaíochta, comhoibriú agus dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le comhthionscadail nuálaíochta lena ndírítear ar thosaíochtaí an Aontais.

Trí mhaoiniú de EUR 100 milliún ón gclár Fís Eorpach agus EUR 70 milliún ón Ionstraim um Infheistíocht Nuálaíochta Idir-Réigiúnach (I3) faoi CFRE, soláthrófar tacaíocht do ghníomhaíochtaí comhair idir-réigiúnacha ina mbeidh an tsaintréith go bhfuil comhoibriú ann idir ar a laghad réigiún amháin nach bhfuil chomh nuálach céanna agus réigiún eile atá níos nuálaí. Ar na gníomhaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht, is féidir go mbeidh glacadh taighde sa mhargadh, tacú le cuideachtaí a gcuid smaointe a mhéadú, chomh maith le domhainteicneolaíochtaí a chur in úsáid agus a léiriú i bhfíorthimpeallachtaí domhanda agus le húsáideoirí deiridh, rochtain ar bhonneagar agus ar shaineolas trasteorann, malartú foirne, oiliúint agus forbairt scileanna agus caighdeán agus rialacháin a fhorbairt trí bhoscaí gainimh agus binsí tástála. Na hiarratasóirí a n-éireoidh leo faoi Fís 2020 agus faoin Ionstraim um Infheistíocht Nuálaíochta Idir-Réigiúnach (I3), aithneofar iad freisin mar '**ghleann réigiúnach nuálaíochta**'.

Táthar ag súil go mbainfidh gleannta nuálaíochta réigiúnacha leas as an tacaíocht atá ar fáil trína gcláir náisiúnta agus réigiúnacha CFRE chun a rannchuidiú le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí idir-réigiúnacha a uasmhéadú agus tairbhe a bhaint astu. Meastar go mbeidh EUR 10 mbilliún ar a laghad a ar fáil do na Ballstáit faoi Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste a dhéanfar a dhírú ar

⁷¹ <https://s3platform.jrc.ec.europa.eu/pri>

nuálaíocht réigiúnach, lena n-áirítear nuálaíocht sa domhainteicneolaíocht, atá nasctha le tosaíochtaí an Aontais.

Leis an ngníomhaíocht sin, cuirfear san áireamh na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana arb é is aidhm dóibh éiceachórais nuálaíochta tionsclaíche agus réigiúnacha a threisiú agus a nascadh. Áirítear leis sin I3 faoin mBeartas Comhtháthaithe; Sráidbhailte do Ghnólachtaí Nuathionscanta⁷² mar chuid den bhFís Fadtéarmach do Cheantair Tuaithe⁷³; *Euroclusters*⁷⁴ faoi Chlár an Mhargaidh Aonair; agus Fís Eorpach lena n-áirítear Éiceachórais Nuálaíochta na hEorpa, Startup Europe, Rannpháirtíocht a mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú, Misin, agus obair Phobail Eolais agus Nuálaíochta EIT (PENanna) agus RIS.

Sineirgí idir cláir beartais chomhtháthaithe agus Fís Eorpach

D'fhonn an uailmhian a bhaint amach maidir le sineirgí níos fearr a chruthú idir an beartas comhtháthaithe agus Fís Eorpach le linn chlárthréimhse 2021-2027, foilseoidh an Coimisiún **treoidhoiciméad**⁷⁵ ina leagfar amach na comhlántachtaí idir na hionstraimí cistiúcháin faoi seach. Tacóidh sé sin le húdarais bhainistíochta na gclár beartais comhtháthaithe, le Pointí Teagmhála Náisiúnta don chlár Fís Eorpach agus le tionscnóirí tionscadal chun úsáid níos fearr a bhaint as deiseanna chun nuálaíocht a chothú i ngach réigiún, trí úsáid chomhtháite a bhaint as na príomhionstraimí sin de chuid an Aontais chun cur in úsáid agus glacadh ardteicneolaíochtaí arna maoiniú trí chlár taighde agus nuálaíochta a éascú, agus ar an gcaoi sin a dtionchar a mhéadú. Lorgófar sineirgí den sórt sin in áiteanna eile freisin, lena n-áirítear tríd an gCiste don Nuálaíocht⁷⁶, lena dtacófar le teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin a léiriú agus lena dtacófar leis an aistriú chuig an aeráidneodracht.

Éiceachórais fearannshonracha

Mar chuid de Phlean REPowerEU, tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do bhorradh a chur faoin nuálaíocht cheannródaíoch sa hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin, teicneolaíocht thábhachtach chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a bhriseadh. Bunaithe ar bhreisiú EUR 200 milliún ón gclár Fís Eorpach, déanfar líon na n**Gleannta Hidrigine** san Aontas Eorpach a dhúbailt ionas go mbeidh 50 díobh ann faoi 2025, ag tosú sa cheathrú ráithe de 2022. Cumhdóidh siad sin roinnt feidhmeanna hidrigine agus tiocfaidh siad le chéile in éiceachóras comhtháite réigiúnach a chumhdaíonn an slabhra luacha ar fad, i gcomhréir le ceanglais réigiúnacha. Nascfar na gleannta hidrigine atá bunaithe san Aontas lena chéile freisin chun dlús a chur le leathadh amach an gheilleagair hidrigine san Aontas, le maoiniú faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Ina theannta sin, tríd an n**Gníomh Eorpach um Shliseanna** atá beartaithe, déanfar gníomh chun iomaíochas agus athléimneacht na hEorpa i dteicneolaíochtaí agus feidhmchláir leathsheoltóra a neartú. Cuideoidh sé sin le tacaíocht a thabhairt don aistriú digiteach agus don aistriú glas agus

⁷² <https://s3platform.jrc.ec.europa.eu/en/w/the-european-startup-village-forum-call-for-pledges>

⁷³ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/long-term-vision-rural-areas_ga#documents

⁷⁴ <https://clustercollaboration.eu/tags/joint-cluster-initiatives#:~:text=To%20implement%20the%E2%80%AFupdated%20EU%20Industrial%20Strategy%2C%20the%20European,the%20transition%20to%20a%20green%20and%20digital%20economy>

⁷⁵ Fógra ón gCoimisiún maidir le sineirgí idir na cláir Fís Eorpach agus CFRE (2022)

⁷⁶ [An Ciste don Nuálaíocht \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eit/)

ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú, agus, dá bhrí sin, uailmhianta a neartú maidir le neamhspleáchas straitéiseach oscailte sa réimse. Ar na hinfheistíochtaí a bheidh sa chéad ghlúin eile de theicneolaíochtaí, beidh tacú le rochtain uile-Eorpach ar uirlisí deartha agus ar línte píolótacha chun fréamhshamhaltú, tástáil agus turgnamh a dhéanamh. San iomlán, beidh níos mó ná EUR 43 bhiliún d'infheistíocht ann chun tacú le huailmhianta beartais an Gnímh Eorpaigh um Shliseanna sa tréimhse suas go dtí 2030, infheistíocht a dhéanfar a mheaitseáil tríd is tríd le hinfheistíocht phríobháideach fhadtéarmach.

Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gcoitinne

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tacú go gníomhach le comhar na mBallstát maidir le **Tionscadail thábhachtacha trasteorann ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne** (IPCEI) a thabhairt chun cinn faoin gCreat Státchabhrach, chun infheistíocht a chumasú ar scála chun tacú le nuálaíochtaí ceannródaíocha sna príomhearnálacha agus chun teipeanna margaidh ar fud an Aontais a shárú, lena n-áirítear i réigiúin bheagfhorbartha.

Go dtí seo, tá dhá IPCEI sa slabhra luacha ceallraí tar éis infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht agus chun tacú leis na chéad imscaradh tionsclaíocha de theicneolaíochtaí ceallraí nua⁷⁷. Le breis agus EUR 6 bhiliún de mhaoiniú ó na Ballstáit, cuirfear EUR 14 bhiliún breise d'infheistíochtaí príobháideacha ar fáil. Déanfar an dara IPCEI sa mhicrileictreonaic⁷⁸ a thabhairt chun cinn agus é ag cur leis an rath a bhí ar an gcéad cheann⁷⁹, agus tacóidh an Coimisiún go gníomhach le hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann na Ballstáit i gceapadh IPCEInna i réimsí na sláinte, bhonneagar agus seirbhísí na néalríomhaireachta, d'fhonn measúnú an chéad IPCEI a chur i gcrích maidir le hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin faoi shamhradh 2022. Ina theannta sin, mar chuid de Phlean RePowerEU, tacóidh an Coimisiún le hiarrachtaí na mBallstát acmhainní a chomhthiomsú atá dírithe ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus ar nuálaíocht feadh shlabhraí luacha an fhuinnimh ghréine agus na gaoithe agus na dteaschaidéal.

Innospace

Bunóidh an Coimisiún '**Innospace**', ardán oscailte IS-bhunaithe, chun tacú le scaipeadh smaointe agus rochtain ar thorthaí taighde, chun aird a tharraingt ar éileamh agus soláthar teicneolaíochtaí nuálacha, agus chun páirtithe leasmhara a nascadh chun comhoibriú a éascú. Soláthróidh sé faisnéis do na páirtithe leasmhara uile maidir le dúshláin agus deiseanna nuálaíochta (treochtaí teicneolaíochta agus margaidh, maoin intleachtúil, éileamh, etc.) agus éascófar sainathint feidhmiúlachtaí, seirbhísí agus deiseanna maoinithe, idir phoiblí agus phríobháideach, chun tacú le smaointe a aistriú go gníomhaíochtaí agus go tionscadail.

Ina theannta sin, le **gníomhaíocht nua 'ScaleUp100 ó CNE'**⁸⁰, sainithneofar cohórt ina mbeidh céad gnólacht nuathionscanta domhainteicneolaíochta a d'fhéadfaí a mhéadú mar cheannairí domhanda nó mar chinn aonbheannacha⁸¹ a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó phunann CNE chomh maith le cláir eile de chuid an Aontais. Faoi lár 2023, tosóidh na cuideachtaí sin ag fáil tacaíocht

⁷⁷ [Ceallraí IPCEI \(IPCEI-batteries.eu\)](https://www.ipcei-batteries.eu)

⁷⁸ [IPCEI on microelectronics – A major step for a more resilient EU chips supply chain](#) | [IPCEI maidir le micrileictreonaic – Céim mhór le haghaidh slabhra soláthair sliseanna AE níos athléimní] [An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

⁷⁹ <https://www.ipcei-me.eu/>

⁸⁰ [Clár Oibre CNE 2022](#) – lch. 113.

⁸¹ Cuideachta a bhfuil luacháil os cionn EUR 1 bhiliún orthu.

fheabhsaithe chun a straitéis agus a bhfoireann ceannaireachta a fhorbairt, maoin intleachtúil a chosaint, ceangal le hinfheisteoirí agus comhpháirtithe straitéiseacha, fairsingiú idirnáisiúnta agus naisc a fháil le tacaíocht náisiúnta chun méadú. Chomh maith le tacaíocht dhíreach do chuideachtaí, roinnfidh an tionscnamh dea-chleachtas ar na Ballstáit agus ar na líonraí ar fud na hEorpa.

2.4 Daoine a bhfuil tallann sa domhainteicneolaíocht acu

2.4.1 Dúshlán

Braitheann an nuálaíocht ar dhaoine a bhfuil tallann acu a chothú, a mhealladh agus a choinneáil ar bhonn rathúil agus ar éagsúlacht scileanna. Dá bhrí sin, tá oideachas ar ardchaighdeán agus dálaí tarraingteacha oibre ríthábhachtach chun sreabhadh daoine ardoilte agus daoine a bhfuil tallann acu a mhealladh agus a áirithiú, daoine ar féidir leo rannchuidiú le tosaíochtaí beartais níos leithne a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú dúbailte agus buntáiste iomaíoch i slabhraí luacha straitéiseacha.

Go dtí seo, bhí ról lárnach ag próiseas Bologna⁸² agus ag próiseas Liospóin⁸³ maidir le feabhas a chur ar an iomaíochas Eorpach san ardoideachas, le borradh a chur faoin gcomhar agus leis an tsoghluaisteacht laistigh den Eoraip agus le tallann dhomhanda a dhreasú chun bogadh chun na hEorpa. Faoi LET, Limistéar Eorpach Oideachais (LEO), an Clár Oibre Scileanna don Eoraip⁸⁴, an straitéis Eorpach d'ollscoileanna, agus an pacáiste Scileanna agus Tallann⁸⁵, in éineacht le cláir de chuid an Aontais ar nós Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC), Erasmus + agus Erasmus le haghaidh Fiontraíthe Óga, tá ról tábhachtach á imirt acu ó thaobh scileanna a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil.

Sa straitéis nua Eorpach d'ollscoileanna tá bearta chun institiúidí ardoideachais a thiontú ina n-innill nuálaíochta réigiúnaí, lena n-áirítear trí aonach tallainne a úsáid chun mic léinn agus gnólachtaí nuathionscanta a mheaitseáil, trí chlár chun tacú le grollanna a chruthú in institiúidí ardoideachais san Eoraip, agus tionscnamh nua 'nuálaithe ar scoil'. Ar an gcaoi chéanna, mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint, tugann na hionaid barr feabhais gairme (CoVE)⁸⁶ tacaíocht ardcháilíochta don nuálaíocht ar fud an Aontais agus laistigh de réigiúin lena n-áirítear trí sheirbhísí ar nós braislí agus grollanna gnó le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta maille le tionscnaimh fiontraíochta do rannpháirtithe.

Tá an líonra comhpháirtithe nuálaíochta is mó cruthaithe ag EIT agus tá 2900 comhpháirtí ag díriú go háirithe ar chúrsaí oideachais a chomhcheanglaíonn scileanna teicniúla agus fiontraíochta, chomh maith le cruthú gnólachtaí nuathionscanta agus seirbhísí luathaithe trí infheistíocht chothromais a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta. Ina theannta sin, tar éis an aithisc ó Uachtaráin von der Leyen ar Staid an Aontais, tacóidh an tIdirphlé Struchtúrtha maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh sprioc is na Deacáide Digití maidir le scileanna a bhaint amach. Cuideoidh sé bearnaí atá ann cheana ar an

⁸² <http://www.ehea.info/>

⁸³ <https://www.coe.int/en/web/higher-education-and-research/lisbon-recognition-convention>

⁸⁴ [Clár Oibre Eorpach do Scileanna Nua - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

⁸⁵ [Scileanna agus Tallanna An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

⁸⁶ <https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1501>

leibhéal náisiúnta a shaináithint agus cuir chuige rathúla a chur chun cinn chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha agus ar oiliúint ghaolmhar.

Ina theannta sin, tá ‘víosaí tosaithe’ seolta ag roinnt Ballstát agus in 2021, shínigh 26 thír (24 Bhallstát den Aontas Eorpach in éineacht leis an Íoslainn) an Dearbhú maidir le Caighdeán⁸⁷ an Aontais Eorpaigh do Náisiúin na Nuathionscnóirí, lena gcuirtear chun cinn beartais a thabharfaidh tús áite do ghnólachtaí nuathionscanta, agus lena n-éascófar rochtain ar dhaoine a bhfuil tallann acu, lena n-áirítear tallann idirnáisiúnta.

Ina ainneoin sin, de réir dealraimh, tá an tAontas ar gcúl sa rás domhanda chun teacht ar dhaoine a bhfuil tallann acu⁸⁸. Tá taighdeoirí oilte agus acadóirí ionchasacha tar éis bogadh ón Aontas Eorpach go dtí na Stáit Aontaithe, agus ní raibh ag éirí chomh maith céanna leis an Aontas ná mar a d'éirigh le tíortha eile OECD amhail SAM, Ceanada agus an Astráil chun tallann dhomhanda a mhealladh ag céimeanna gairme níos luaithe, lena n-áirítear ar leibhéal PhD. Tá bacainní struchtúracha agus claontaí leanúnacha ag cur isteach ar an rochtain ar thallann freisin, rud a fhágann go bhfuil easpa éagsúlachta ann i réimsí STEM go háirithe: is mná iad 22.4 % de chéimithe dochtúireachta i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus is mná iad 29.4 % i réimse na Déantúsaíochta agus na Tógála Innealtóireachta.

San am céanna, tá daonra an Aontais in aois oibre ag crapadh de bharr an athraithe dhéimeagrafaigh, agus léiríonn athruithe a bhfuil coinne leo ar mhargadh an tsaothair go bhfuil an baol ann go mbeidh mí-oiriúint scileanna ag dul i méid agus go mbeidh ganntanas ann amach anseo. Mar shampla, tá sciar measartha ard de ghairmithe a bhfuil scileanna acu in ardteicneolaíochtaí monaraíochta agus i mbitheicneolaíocht sna 27 mBallstát, ach tá bearna shonrach ann i gcomparáid le SAM i dtaca le IS agus an chibearshlándaíl⁸⁹.

Cuirfidh dlús mór tallainne laistigh de Bhallstáit an Aontais leis na ganntanais sin. Léirítear sna tuarascálacha tíre *HEInnovate*⁹⁰ go bhfuil na hinstiúidí ardoideachais is nuálaí agus is fiontraíochta dírithe ar na príomhchathracha a fhágann go bhfuil difríocht ann idir riachtanais an gheilleagair agus infhaighteacht na tallainne. Na réigiúin a bhfuil sé d'acmhainn acu teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach don aistriú glas a fhorbairt, foinsí in-athnuaite mar shampla, is minic go mbíonn siad i bhfad ó na réigiúin sin a bhfuil tionscail trasdula acu, ar nós na mianadóireachta guail⁹¹.

An comhoibriú idir ollscoileanna agus lucht tionscail i gcomhar le bonneagair taighde agus teicneolaíochta, is bealach ríthábhachtach é chun eolas nua a tháirgeadh, a luacháil agus a scaipeadh. Is léir ón bhfianaise, áfach, go bhfuil idir mhaith agus olc ann i dtaca leis an nglacadh maidir le tacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht idir-earnála in ainneoin aitheantas níos mó a bheith á thabhairt

⁸⁷ <https://startupnationsstandard.eu/>

⁸⁸ Khan, J. (2021). European academic brain drain [Imirce Eorpach daoine oilte]: A meta- synthesis [meite-shintéis]. *European Journal of Education*, 56(2), 265-278;

⁸⁹ Advanced Technologies for Industry – [Final Report, report on technology trends and technology adoption](#) [Ardteicneolaíochtaí don tionsclaíocht - Tuarascáil Chríochnaitheach, tuarascáil maidir le treochtaí teicneolaíochta agus glacadh teicneolaíochta], Iúil 2021

⁹⁰ HeInnovate: Encouraging entrepreneurship through higher education – OECD [An fiontraíocht a spreagadh trí bhíthin an ardoideachais – OECD]

⁹¹ https://joint-research-centre.ec.europa.eu/jrc-news/eu-coal-peat-and-oil-shale-regions-updated-analysis-challenges-ahead-2021-03-16_ga

dá luach. Faoi láthair, níl na dreasaí, an taithí ná na hacmhainní is gá ag institiúidí ardoideachais, taighde agus teicneolaíochta ná ag institiúidí oiliúna i réigiún nach bhfuil chomh nuálach céanna chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta in earnáil na tionsclaíochta. Maidir le líonraí fiontraíochta agus oiliúint, atá fíorriachtanach chun cur le hacmhainn agus le taithí i dtaca le deiseanna a shainnithint agus tairiscintí nuálacha a thráchtáil, ní féidir teacht orthu chomh héasca céanna, agus ní léiríonn éiceachóras nuálaíochta an Aontais éagsúlacht shaibhir a dhaonra.

Ina theannta sin, in ainneoin córas éifeachtach scair-roghanna⁹² le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta chun tallann a mhealladh, tá na leibhéil úinéireachta i measc fostaithe íseal i gcónaí ar fud an Aontais⁹³. In éagmais córas úinéireachta fostaithe atá fabhrach don nuálaíocht, cuirtear bac ar an gcumas atá ag gnólachtaí nuathionscanta san Aontas dul in iomaíocht le mórchuideachta teicneolaíochta.

2.4.2 Tionscnamh suaitheanta maidir le daoine a bhfuil tallann sa domhainteicneolaíocht acu a chothú, a mhealladh agus a choinneáil

I bhfianaise an dúshláin shuntasáigh atá ann daoine a bhfuil tallann acu a mhealladh agus a choinneáil san Aontas, díríonn an tionscnamh suaitheanta seo ar iarrachtaí an Aontais a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí lena n-áiríteofar forbairt agus sreabhadh daoine a bhfuil tallann acu, tallann rithábachtach na domhainteicneolaíochta, laistigh den Aontas agus chuig an Aontas.

Tallanna na domhainteicneolaíochta

Tabharfaidh an EIT tionscnamh ar aghaidh chun díriú ar **1 mhilliún duine a bhfuil tallann sa domhainteicneolaíocht acu** thar thréimhse 3 bliana ar fud na mBallstát uile. Déanfaidh an EIT a chlár tallainne agus a chlár forbartha scileanna a thabhairt cothrom le dáta agus a mhéadú ar scála níos mó bunaithe ar riachtanais réimsí na domhainteicneolaíochta, ó bhunábhair nua agus bitheolaíocht shintéiseach go dtí an teicneolaíocht ghlan. Déanfaidh cuideachtaí atá i mbun fáis agus ionadaithe tionscail eile eolas a chur ar fáil do churaclaim agus cinnteoidh siad go bhfreastalóidh siad ar riachtanais athraitheacha an mhargaidh saothair i réimsí teicneolaíochta faoi seach.

Chomh maith leis sin, seolfaidh CNE agus EIT **scéim intéirneachta nuálaíochta** sa tríú ráithe de 2023, chun deiseanna a chruthú do bhreis agus 600 taighdeoir, mac léinn agus céimithe a bhfuil lipéad EIT orthu chun taithí nuálaíochta a fháil faoi 2024. Gheobhaidh na hintéirneigh taithí oibre i gcuideachtaí rathúla CNE agus EIT, agus gach intéirneacht aonair leagtha amach de réir riachtanais taighdeora agus cuideachtaí comhlachaithe.

Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht bhreise oiliúna ar fáil freisin d’institiúidí ardoideachais, lena n-áirítear Comhaontais Ollscoileanna Eorpacha, gnólachtaí agus ionaid taighde agus nuálaíochta

⁹² Tá beartais curtha chun feidhme cheana féin ag an Eastóin, ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag an bhFrainc, ag an bPortaingéil, ag an Iodáil, ag an bPolainn, ag an tSualainn agus ag Éirinn chun úsáid scair-roghanna a chur chun cinn do ghnólachtaí nuathionscanta freisin. (foinse: ‘Rewarding Talent’ [Tallann a chúiteamh]– Treoir faoi scair-roghanna d’fhiontraíthe Eorpacha, Innéacs Venture 2021)

⁹³ In 2016, bhí sé thart ar leath de sin sna Stáit Aontaithe. In ainneoin méaduithe ó shin, tá sé sách íseal fós.

tríd an gclár don Eoraip Dhigiteach. Áireofar leis sin oiliúint speisialtóirí i réimsí amhail an eolaíocht sonraí, an intleacht shaorga, an chibearshlándaíl agus an chandam chun tacú le húsáid teicneolaíochtaí den sórt sin amach anseo ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile.

Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara, linn Tallann an Aontais Eorpaigh a cheapadh lena sheoladh faoi lár na bliana 2023⁹⁴. Ardán uile-Aontais a bheidh ann, uirlis mheaitseála a bheidh ann chun cabhrú le gnólachtaí Eorpacha, gnólachtaí nuathionscanta san áireamh, na daoine a bhfuil tallann acu nach féidir leo a aimsiú i margadh saothair an Aontais Eorpaigh. Méadóidh sé sin soghluaisteacht daoine oilte i dtreo na hEorpa agus laistigh di trí earcaíocht idirnáisiúnta agus trí thacú le comhoiriúnú idir fostóirí atá bunaithe san Aontas agus náisiúnaigh cháilithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas ar mian leo obair a dhéanamh agus gluaiseacht go dleathach chuig an Aontas. Leis an Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí⁹⁵ agus an Treoir athbhreithnithe maidir le Cárta Gorm AE⁹⁶, a bheidh le trasuí faoin 18 Samhain 2023, cuirfear conairí dlíthiúla ar fáil freisin chun oibrithe, taighdeoirí agus mic léinn ardoilte a mhealladh ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus chun a soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an togra maidir le Scileanna agus Tallann, athsheolfaidh an Coimisiún an plé leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun measúnú a dhéanamh ar an scóip atá ann do thuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais lena ndírítear ar fhiontraíthe agus ar bhunaitheoirí nuathionscanta ó thríú tíortha a ligean isteach.

Scair-roghanna

Bunóidh an Coimisiún **meitheal maidir le scair-roghanna faoi Fhóram CNE** chun bealaí cur chuige a fhiosrú chun dul i ngleic leis na bacainní riaracháin a chuireann teorainn le glacadh scair-roghanna fostaithe ar fud an Aontais. Ar an gcéad dul síos, cuirfidh an fóram ar chumas an Choimisiúin agus na mBallstát faisnéis a mhalartú agus dea-chleachtas a roinnt d'fhonn eolas a chur ar fáil do chur chuige comhordaithe a éascú ar fud an Aontais.

Mná chun cinn sa nuálaíocht domhainteicneolaíochta

Tacóidh **scéim fiontraíochta agus ceannaireachta do mhná** le gnólachtaí nuathionscanta atá á stiúradh ag mná go luath i bhforbairt na ngnólachtaí sin, lena n-áirítear trí ghlaoch feabhsaithe ‘WomenTech EU’⁹⁷. Cuirfidh sé sin le tionscnaimh eile de chuid an Aontais ar nós ‘Women4Cyber’⁹⁸, agus b’fhéidir cláir náisiúnta luathaithe, chun dlús a chur le fás cuideachtaí faoi stiúir na mban. Treiseofar an comhar idir CNE agus EIT chun tacú le fiontraíthe ban, trí Chlár Ceannaireachta do Mhná ó EIC a oscailt do ghnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir na mban ó EIT. Áireofar ar ghníomhaíochtaí comhlántacha deiseanna chun tairbhithe ban a líonrú agus a nascadh ó réimse tionscnamh; ag cur ar cumais do chailíní agus do mhná a bhfuil inniúlachtaí fiontraíochta agus inniúlachtaí digiteacha acu trí ghníomhaíochtaí spriocdhírthe ar nós Féilte

⁹⁴ Cuid den phacáiste beartais maidir le ‘Scileanna agus Tallann’ a ghlac an Coimisiún i mí Aibreáin 2022.

⁹⁵ Treoir (AE) 2016/801.

⁹⁶ Treoir (AE) 2021/1883, a bhfuil spriocdháta le haghaidh trasuí ar 18/11/2023 ag gabháil léi, lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle.

⁹⁷ https://eic.ec.europa.eu/news/eu-launches-women-techeu-pilot-put-women-forefront-deep-tech-2021-07-13_ga

⁹⁸ [Women4Cyber seolta ag an gCoimisiún, clár tallann i réimse na cibearshlándaíla/Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú \(europa.eu\)](https://eic.ec.europa.eu/news/eu-launches-women-techeu-pilot-put-women-forefront-deep-tech-2021-07-13_ga)

Fiontraíochta, Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Ealaíne agus Matamaitice (ESTEAM) maille le scéimeanna meantóireachta, oiliúna agus tacaíochta⁹⁹; agus tacaíocht a thabhairt do chruthú agus d'fhorbairt gnólachtaí nuathionscanta sóisialta atá á stiúradh ag mná tríd an úsáid is fearr a bhaint as na gníomhaíochtaí a áirítear i bplean gníomhaíochta an gheilleagair shóisialta Eorpaigh¹⁰⁰.

Cultúr Fiontraíochta agus Nuálaíochta a chur chun cinn

Bunóidh an Coimisiún pobal le haghaidh **piarfhoghlama agus athbhreithnithe ar mhaithe le beartas agus cleachtas nuálaíoch**. I gcomhar le OECD, tiocfaidh institiúidí ardoideachais le chéile, lena n-áirítear an líonra Eorpach nua d'institiúidí ardoideachais nuálacha, oifigigh phoiblí agus príomhpháirtithe leasmhara chun spreagadh a thabhairt beartais agus cleachtais a ghlacadh lena neartófar rannchuidiú na n-institiúidí ardoideachais leis an nuálaíocht sna pobail sin, pobail a ndéanann siad freastal orthu. Le Cruinniú Mullaigh bliantúil maidir leis an Oideachas agus leis an Nuálaíocht, treiseofar na hiarrachtaí sin trí institiúidí ardoideachais, cuideachtaí domhainteicneolaíochta agus fiontraithe a thabhairt le chéile chun comhar a chothú agus chun pobal oideachais, taighde agus nuálaíochta níos leithne a spreagadh chun cultúr fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn san Eoraip.

Leanfaidh an Coimisiún freisin de thacaíocht a thabhairt d'fhiontraithe óga tríd an tionscadal **'Girls Go Circular' de chuid EIT**¹⁰¹, agus leathnóidh sé é chun rannpháirtithe ó Bhallstáit uile an Aontais a chumhdach a thugann scileanna digiteacha agus fiontraíochta do bhreis agus 40 000 cailín scoile.

Ina theannta sin, ó 2023 ar aghaidh, **tacóidh Comhghuaillíochtaí Erasmus+ don Nuálaíocht**¹⁰² **le scileanna fiontraíochta a fhorbairt agus béim ar leith á leagan ar scileanna domhainteicneolaíochta**. Tacóidh sé sin le forbairt gorrann laistigh d'institiúidí ardoideachais agus comhlánófar iad, i ndlúthchomhar leis an earnáil fiontraíochta, chun cabhrú le fiontraithe mac léinn a gcuid smaointe a iompú ina ngnólachtaí, mar a fógraíodh sa straitéis Eorpach d'ollscoileanna.

Tacóidh an Coimisiún freisin le pobail d'éascaitheoirí saineolacha a chruthú, lena n-áirítear Comhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha, chun cur leis an gcomhoibriú idir lucht tionscail, lucht acadúil agus eagraíochtaí taighde, agus chun cabhrú leis an soláthar eolais a mheaitseáil le riachtanais an tionscail le haghaidh nuálaíochta

2.5. Feabhas a chur ar chreat ceaptha beartas na nuálaíochta

⁹⁹ Á n-eagrú in 19 mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh chun inniúlachtaí na mban agus na gcailíní a threisiú, lena n-áirítear trí phobail ESTEAM ar líne lena féidir foghlaim agus nascadh ar líne lena bpiaraí.

¹⁰⁰ [Plean Gníomhaíochta an Gheilleagair Shóisialta – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú – An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

¹⁰¹ [Girls Go Circular | Digital and Entrepreneurial Skills for the Circular Economy \(eit-girlsgocircular.eu\)](#)[scileanna digiteacha agus fiontraíochta don gheilleagar ciorclach]

¹⁰² Cothaíonn Comhghuaillíochta Nuálaíochta Erasmus+ cumas nuálaíochta na hEorpa trí chomhar agus trí shreabhadh eolais tríd an ardoideachas, an gairmoideachas agus an gairmoiliúint (oiliúint tosaigh agus oideachas leanúnach araon), agus tríd an timpeallacht shocheacnamaíoch i goitinne.

2.5.1 Dúshláin

Na beartais a imríonn tionchar, ní mór iad a bheith bunaithe ar fhaireachán agus ar mheastóireacht chruinn. Ní mór do bheartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon a bheith bord ar bhord le cineál athraitheach na nuálaíochta.

Faoi láthair, tá éagsúlacht ann maidir le ceapadh beartais maidir le nuálaíocht, éagsúlacht ina bhfuil sainmhínte iomadúla i ndáil le téarmaíocht ríthábhachtach agus is minic sonraí ann a bhaineann le beartais atá deacair a chur i gcomparáid le chéile. Fágann sé sin gur deacair do chinnteoirí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta teacht ar dhearcadh coiteann i dtaca le staid na nuálaíochta agus i dtaca le comhchodanna agus treochtaí éagsúla na nuálaíochta san Aontas Eorpach. Is é is aidhm don tionscnamh suaitheanta sin dul i ngleic leis na dúshláin sin maidir le ceapadh beartas, agus feabhas a chur ar an tacaíocht acmhainneachta a thugtar do na Ballstáit sin is gá a gcur chuige maidir le ceapadh beartas a fheabhsú.

2.5.2 Tionscnamh suaitheanta maidir le huirlisí ceaptha beartas a fheabhsú

Díríonn an treoir shuaitheanta seo ar thacair shonraí stóinsithe, inchomparáide agus comhthacsanomaíochta sonraí a fhorbairt agus a úsáid a bheidh ina mbonn eolais do bheartais ar gach leibhéal ar fud an Aontais, agus ar thacaíocht bheartais do na Ballstáit.

Beartas faoi threoir sonraí

Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil thaiscéalaíoch ar shainmhínte a bhaineann le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta le linn an chéad ráithe de 2023. Le treoirstaidéar a dhéanfar ina dhiaidh sin, bunófar tacar táscairí maidir le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta lena bhféadfar cabhrú le hanailís a dhéanamh ar bheartais éiceachórais nuálaíochta agus iad a shamhaltú ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tabharfar an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta cothrom le dáta dá réir.

Tacaíocht do na Ballstáit

Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus leis na réigiúin beartais nuálaíochta níos fearr a cheapadh agus a chur chun feidhme tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla mar chuid de Next Generation EU¹⁰³. Tabharfaidh sé sin tacaíocht riachtanach lear féidir, mar shampla, bailiú sonraí a chumhdach le haghaidh ceapadh eolasach beartas, fothú acmhainní do phearsanra an tsoláthair phoiblí, soláthar comhairle rialála agus úsáid bosca gainimh rialála.

Déanfaidh an Coimisiún a shaoráid tacaíochta beartais Fís a atreisiú freisin chun tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil chun athchóirithe a cheapadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar athchóirithe iad lena bhfeabhsaítear cáilíocht na n-infheistíochtaí, na mbeartas agus na gcóras taighde agus nuálaíochta sna Ballstáit.

¹⁰³ https://europa.eu/next-generation-eu/index_ga

Beartais a chomhordú

Neartóidh an Coimisiún ról Fhóram na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí¹⁰⁴ in 2022, feabhas a chur ar mhalartú dea-chleachtas agus ar chomhordú tionscnamh beartais nuálaíochta náisiúnta. Beidh treoshuímh bheartais an Fhórait comhsheasmhach leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht¹⁰⁵, agus cuirfidh siad leis an obair a dhéanfaidh LET agus an an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht, ina ról mar chomhchoiste comhairleach ardleibhéil um beartas straitéiseach, coiste a sholáthraíonn comhairle thráthúil don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheistanna a bhaineann le beartais straitéiseacha taighde agus nuálaíochta.

3. CONCLÚIDÍ

Is féidir leis an Eoraip a bheith ina ceannaire domhanda i dtaca leis an rabharta nuálaíochta domhainteicneolaíochta atá ann faoi láthair trí iarracht chomhbheartaithe a dhéanamh chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as buanna éagsúla, sócmhainní intleachtúla agus cumais thionsclaíoch na hEorpa. Moltar do na Ballstáit agus do na réigiúin, go háirithe, tógáil ar na tograí agus oibriú leis an gCoimisiún agus leis na páirtithe leasmhara chun infheistíochtaí a shlógadh, dálaí fabhracha creata a áirithiú agus athchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar thionchar na ngníomhaíochtaí a shaináithnítear sa Teachtaireacht seo faoi 2024, i ndlúthchomhar le hionadaithe na mBallstát i bhFóram na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí.

¹⁰⁴ <https://ec.europa.eu/research-and-innovation/en/strategy/support-policy-making/shaping-eu-research-and-innovation-policy/building-european-innovation-ecosystem/eic-forum>

¹⁰⁵ Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip (2021)

Liosta Gníomhaíochtaí sa Teachtaireacht

Teideal (Tionscadal suaitheanta – Gníomhaíochtaí)	Tráthchlár
Tionscadal suaitheanta: Maoiniú le haghaidh gnólachtaí atá ag méadú i réimse na nuálaíochta domhainteicneolaíochta	
1. An Treoir maidir leis an liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú (DEBRA) maidir le cáin ioncaim chorparáidigh, togra ón gCoimisiún	R2 2022
2. An Gníomh um Liostaí, togra ón gCoimisiún	R4 2022
3. Méadú ar mheicníocht na Gníomhaíochta Uas-scálaithe Eorpaí le haghaidh Caipiteal Riosca (ESCALAR)	2023
4. Innéacs píolótach EIC WP 2022 maidir le nuálaíocht Eorpach, inscne agus éagsúlacht	R1 2023
5. Clár EIT Women2Invest	R4 2022
Tionscadal suaitheanta: Nuálaíocht domhainteicneolaíochta a chumasú trí spásanna turgnamhaíochta agus trí sholáthar poiblí	
6. Treoirhoiciméad maidir le Boscaí Gainimh Rialála	R2 2023
7. Binse tástála nuálaíochta oscailte in Hidrigin in-athnuaite	R1 2024
8. Seoladh Saoráidí Tástála agus Turgnaimh chun nuálaíocht IS a thástáil	2023
9. Creat Státchabhrach athbhreithnithe don Taighde agus don Fhorbairt agus don Nuálaíocht	R4 2022
10. Seirbhís Chomhairleach Speisialtóra um Soláthar Nuálaíochta a sheoladh	R1 2024
Tionscadal suaitheanta: Dlús a chur leis an nuálaíocht in Éiceachórais Nuálaíochta Eorpacha ar fud an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar an deighilt nuálaíochta	
11. Gleannta nuálaíochta domhainteicneolaíochta réigiúnacha a bhunú agus a nascadh	R3 2023
12. Fógra ón gCoimisiún faoi shineirgíochtaí idir Fís Eorpach agus clár Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa	R3 2022
13. Líon na nGleann Hidrigine san Aontas Eorpach a dhúbailt	2025
14. Innospace a bhunú – ionad ilfhreastail d'imreoirí na n-éiceachóras nuálaíochta	2023
15. 'Scaleup 100' a sheoladh	R1 2023
Tionscadal suaitheanta: Tallanna domhainteicneolaíochta a chothú, a mhealladh agus a choinneáil	
16. Tionscnamh tallann domhainteicneolaíochta EIT a sheoladh	R4 2022
17. Scéim intéirneach nuálaíochta a sheoladh	R3 2023
18. Linn Tallann an Aontais Eorpaigh a sheoladh chun cabhrú le gnólachtaí, gnólachtaí nuathionscanta san áireamh, tallanna nach as an Aontas iad a aimsiú	R3 2023
19. Scéim Fiontraíochta agus Ceannaireachta do Mhná a Bhunú	R2 2023
20. Malartú dea-chleachtais maidir le stoc-roghanna d'fhostaithe i gcuideachtaí nuathionscanta	R4 2022
21. Pobal an chleachtais oideachais agus nuálaíochta	R4 2022
22. Comhghuaillíochtaí Erasmus+ le haghaidh Nuálaíochta a sheoladh	R2 2023
23. Gao a sheoladh thar ceann Eoraip Dhigiteach chun oiliúint a chur ar shaineolaithe i réimsí atá dírithe ar an todhchaí	R3 2022
Tionscadal suaitheanta: Uirlisí ceaptha beartas a fheabhsú	

24. Tuarascáil ar shainmhínte a bhaineann le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus nuálaíocht i réimse na nuálaíochta domhainteicneolaíochta	R1 2023
25. Ról Fóram na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí a neartú	R4 2022